**Parlaimint na hEorpa**
2024-2029

*An Coiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta*

**2024/xxxx(INI)**

24.10.2024

# DRÉACHT-TUARASCÁIL

ar Chiste Sóisialta na hEorpa Plus tar éis 2027
(2024/xxxx(INI))

An Coiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta

Rapóirtéir: Marit Maij

PR_INI

## ÁBHAR

**Leathanach**

TAIRISCINT I gCOMHAIR RÚN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA .....................................3

RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN ...........................................................................................................10

IARSCRÍBHINN: NA hEINTITIS NÓ NA DAOINE ÓNA bhFUAIR AN RAPÓIRTÉIR IONCHUR ..........................................................................................................................12

## TAIRISCINT I gCOMHAIR RÚN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

**ar Chiste Sóisialta na hEorpa Plus tar éis 2027**

**(2024/xxxx(INI))**

*Tá Parlaimint na hEorpa*,

– ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 46(d), Airteagal 149, Airteagal 153(2)(a), Airteagal 164, Airteagal 175 agus Airteagal 349 de,

– ag féachaint do Rialachán (AE) 2021/1057 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Meitheamh 2021 lena mbunaítear Ciste Sóisialta na hEorpa Plus (CSE+)[1],

– ag féachaint do theachtaireacht an 27 Márta 2024 ón gCoimisiún maidir leis an 9ú Tuarascáil faoin gComhtháthú (COM(2024)0149),

– ag féachaint do Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta arna fhógairt agus arna shíniú ag an gComhairle, ag an bParlaimint agus ag an gCoimisiún an 17 Samhain 2017,

– ag féachaint do theachtaireacht ón gCoimisiún an 4 Márta 2021 dar teideal 'Plean Gníomhaíochta um Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta' (COM(2021)0102) agus do na príomhspriocanna atá beartaithe do 2030 maidir le fostaíocht, oiliúint agus laghdú na bochtaineachta,

– ag féachaint do Dearbhú La Hulpe maidir le Todhchaí Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta arna shíniú ag an bParlaimint, ag an gCoimisiún, ag Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus ag an gComhairle an 16 Aibreán 2024,

– ag féachaint do rún uaithi an 29 Aibreán 2021 maidir leis an Ráthaíocht Eorpach do Leanaí[2],

– ag féachaint do rún uaithi an 21 Samhain 2023 dar teideal 'Tús Áite do Leanaí – an Ráthaíocht do Leanaí a neartú, dhá bhliain tar éis a glactha'[3],

– ag féachaint do rún uaithi an 8 Deireadh Fómhair 2020 maidir leis an Ráthaíocht don Aos Óg[4],

– ag féachaint do rún uaithi an 5 Iúil 2022 dar teideal 'I dtreo comhghníomhaíocht Eorpach ar chúram'[5],

---

[1] IO L 231, 30.6.2021, lch. 21, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/1057/oj.
[2] IO C 506, 15.12.2021, lch. 94.
[3] IO C, C/2024/4212, 24.7.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2024/4212/oj.
[4] IO C 395, 29.9.2021, lch. 101.
[5] IO C 47, 7.2.2023, lch. 30.

– ag féachaint do rún uaithi an 18 Meitheamh 2020 maidir leis an Straitéis Eorpach um Míchumas i ndiaidh-2020[6],

– ag féachaint do rún uaithi an 13 Nollaig 2022 dar teideal ‘I dtreo cearta comhionanna do dhaoine faoi mhíchumas’[7],

– ag féachaint do rún uaithi an 24 Samhain 2020 dul i ngleic le rátaí easpa dídine in AE[8],

– ag féachaint do rún uaithi an 21 Eanáir 2021 maidir le rochtain ar thithíocht chuibhiúil agus inacmhainne do chách[9],

– ag féachaint do rún uaithi an 23 Samhain 2023 ar chruthú post - an t-aistriú cóir agus infheistíochtaí tionchair[10],

– ag féachaint do rún uaithi an 21 Eanáir 2021 maidir le Straitéis AE um Chomhionannas Inscne[11],

– ag féachaint do Riail 55 dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don tuairim ón gCoiste um Fhorbairt Réigiúnach,

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta (A10-0000/2024),

A. de bhrí go dtacaíonn Ciste Sóisialta na hEorpa Plus (CSE+) le beartais na mBallstát, go gcomhlánaíonn sé iad agus go gcuireann sé luach leo chun comhionannas deiseanna, rochtain chomhionann ar an margadh saothair, dálaí oibre cothroma agus ardcháilíochta, cosaint shóisialta agus cuimsiú sóisialta a áirithiú;

B. de bhrí gurb é CSE+ an t-aon chiste de chuid an Aontais atá dírithe go príomha ar bheartais shóisialta, agus, dá bhrí sin, go bhfuil sé uathúil ann féin agus go bhfuil sé an-éifeachtach chun cuimsiú sóisialta a bhaint amach, mar aon leis an mbeartas comhtháthaithe;

C. de bhrí go bhfuil riachtanais éagsúla ag grúpaí leochaileacha éagsúla, amhail mná atá i mbochtaineacht, imircigh saothair, leanaí, daoine faoi mhíchumas agus daoine scothaosta; de bhrí go bhfuil géarghá leis an aistriú digiteach agus glas ach go mbaineann dúshláin leis freisin do gach duine agus do gach oibrí, agus de bhrí, chun go n-éireoidh leis an iarracht sin, nach mór do AE aistriú cóir a áirithiú nach ndéanfaidh dearmad ar oibrithe agus ar dhaoine leochaileacha;

D. de bhrí go bhfuil laghdú ag teacht ar infhaighteacht agus inacmhainneacht tithíochta cuibhiúla mar gheall ar ró-léirscaoileadh an mhargaidh; de bhrí, den chéad uair riamh, go mbeidh Coimisinéir ag an Aontas Eorpach chun dul i ngleic leis na géarchéimeanna

[6] IO C 362, 8.9.2021, lch. 8.
[7] IO C 177, 17.5.2023, lch. 13.
[8] IO C 425, 20.10.2021, lch. 2.
[9] IO C 456, 10.11.2021, lch. 145.
[10] IO C, C/2024/4224, 24.7.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2024/4224/oj.
[11] IO C 456, 10.11.2021, lch. 208.

tithíochta, chomh maith leis an gcéad Phlean Eorpach um Thithíocht Inacmhainne riamh, a bhfuiltear ag súil leis in 2025;

E. de bhrí go bhfuil sé mar aidhm ag an Ráthaíocht Eorpach do Leanaí eisiamh sóisialta leanaí a chosc agus a chomhrac trí rochtain éifeachtach agus saor in aisce a ráthú ar oideachas agus cúram luath-óige ar ardchaighdeán, ar oideachas agus ar chúram sláinte, agus rochtain éifeachtach ar chothú sláintiúil agus ar thithíocht leormhaith;

***Prionsabail CSE+ tar éis 2027***

1. á áitiú nach mór do CSE+ leanúint de bheith ina phríomhionstraim chun tacú leis na Ballstáit, leis na daoine agus leis na réigiúin gné shóisialta an Aontais a neartú;

2. á áitiú gur cheart gurb iad cuspóirí CSE+ ardleibhéil fostaíochta a bhaint amach le pá leordhóthanach, dálaí oibre cuibhiúla, timpeallachtaí oibre sláintiúla agus cumhdach slándála sóisialta, chun lucht saothair oilte, iomaíoch agus athléimneach a fhorbairt, a bheidh réidh don aistriú dúbailte agus don saol oibre amach anseo, agus chun cosaintí sóisialta cothroma agus sochaithe cuimsitheacha agus comhtháite a thógáil, agus é mar aidhm leis sin deireadh a chur leis an mbochtaineacht agus na prionsabail agus na príomhspriocanna a leagtar amach i gColún Eorpach na gCeart Sóisialta a bhaint amach;

3. á iarraidh go mbeadh CSE+ láidir, treisithe, neamhspleách ann le tacaíocht phoiblí mhéadaithe shuntasach d’ionstraimí atá ann cheana arb é is aidhm dóibh foráil a dhéanamh do na daoine is boichte inár sochaithe; á áitiú, dá bhrí sin, go ndéanfaí an cistiú do CSE+ tar éis 2027 a dhúbailt;

4. á chur in iúl gur cúis mhór bhuartha di na hiarrachtaí chun CSE+ atá ann cheana a roinnt nó a chumasc le cistí eile, ós rud é go gcruthódh sé sin rioscaí tromchúiseacha do chur chun feidhme a chuspóirí agus chuspóirí Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta agus a phlean gníomhaíochta, agus do bhaint amach phríomhspriocanna Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta; ag tabhairt rabhaidh go bhféadfadh sé nach bhfeabhsódh aontú nó simpliú cistí a n-éifeachtacht;

5. á chreidiúint go gcaillfí an tosaíocht a thugtar do ghnéithe sóisialta, lena n-áirítear tionscadail fostaíochta agus chuimsithe shóisialta, mar thoradh ar rialachas difriúil CSE+, agus nach sroichfeadh an cistiú na leibhéil áitiúla agus iad siúd is mó atá i ngátar, agus go méadófaí an baol go ndéanfaí cistí a ath-leithdháileadh chun críocha eile;

6. á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit rannpháirtíocht na gcomhpháirtithe sóisialta, eagraíochtaí na sochaí sibhialta (ESSanna) agus ionadaithe na spriocghrúpaí a áirithiú i ngach céim deartha, cur chun feidhme, faireacháin agus meastóireachta de CSE+, cistiú leormhaith a leithdháileadh chun na críche sin agus eisiamh gníomhaithe beaga a chosc;

7. ag tabhairt dá haire gur glacadh clár reatha CSE+ sular tháinig géarchéimeanna chun cinn a bhfuil boilsciú ard agus costais mhaireachtála mhéadaithe mar thoradh orthu, agus, dá bhrí sin, go bhfuil gá le hinfheistíocht phoiblí agus shóisialta níos airde ionas nach féidir le CSE+ atá ann cheana freastal ar na riachtanais atá ann faoi láthair; á

iarraidh ar an gCoimisiún a áirithiú go ráthófar buiséad cuimsitheach, cobhsaí agus mórscála atá bunaithe ar riachtanais agus ar chearta do CSE+ sa chéad chreat airgeadais ilbhliantúil eile;

8. á chur i bhfios go láidir gur cheart do CSE+ tar éis 2027 infheistíocht a dhéanamh chun dul i ngleic le dúshláin shóisialta mharthanacha agus fanacht gar do na cuspóirí ginearálta agus sonracha a leagtar amach in CSE+ atá ann faoi láthair; ag cur béim ar a thábhachtaí atá prionsabail an chiste maidir le bainistíocht chomhroinnte, cuspóirí soiléire agus comhchruinnithe téamacha, agus gur cheart an chuid is mó den chiste a chaitheamh chomh gar agus is féidir dóibh siúd a úsáideann an ciste;

9. á chur i bhfáth nár cheart CSE+ a úsáid chun freagairt d'éigeandálaí nó do ghéarchéimeanna; á áitiú gur cheart do shaoráid tarrthála sóisialta atá in ann freagairt d'éigeandálaí sóisialta agus do ghéarchéimeanna CSE+ a fhorlíonadh; á iarraidh ar an gCoimisiún cur leis an rath a bhí ar ionstraim shealadach AE a seoladh in 2020, dar teideal 'Tacaíocht chun Rioscaí Dífhostaíochta a mhaolú i gcás Éigeandála (SURE)', chun dífhostaíocht shealadach a chomhrac, agus scéim atharachais dífhostaíochta AE a chur ar aghaidh gan a thuilleadh moille;

***Cuspóirí, tosaíochtaí agus buiséad***

10. á chur i bhfios go láidir gur cheart prionsabail chothrománacha, amhail comhionannas inscne, frith-idirdhealú agus saoirse gluaiseachta, a bheith ina gcuid lárnach de CSE+; á chur i bhfáth a thábhachtaí atá cur chuige trasnach ar fud fhorbairt agus chur chun feidhme iomlán an chiste;

11. á áitiú gur cheart do CSE+ díriú ar na daoine is mó atá faoi mhíbhuntáiste inár sochaithe gan beann ar ghnéas, inscne, gnéaschlaonadh, aois, reiligiún nó creideamh, nó bunús ciníoch nó eitneach, go háirithe pobail imeallaithe amhail na Romaigh, daoine faoi mhíchumas nó daoine a bhfuil galair ainsealacha orthu, daoine gan dídean, leanaí agus daoine scothaosta; á chur i bhfios go láidir nach mór CSE+ a bheith cuimsitheach, agus aird ar leith á tabhairt ar gach cineál teaghlaigh, lena n-áirítear teaghlaigh aontuismitheora, teaghlaigh ina bhfuil níos mó ná beirt tuismitheoirí agus teaghlaigh bogha ceatha;

12. á iarraidh ar an gCoimisiún, i bhfianaise na ndúshlán atá ann faoi láthair, a áireamh i gcuspóirí sonracha CSE+ cur chun cinn an aistrithe chóir, lánpháirtiú socheacnamaíoch imirceach, lena n-áirítear imircigh saothair, cuimsiú sóisialta na mban ar íospartaigh foréigin inscnebhunaithe iad agus lánpháirtiú daoine scothaosta;

13. á chur i bhfáth go bhfuil sé dúshlánach spriocanna Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta maidir leis an mbochtaineacht a bhaint amach mura bhfuil tacaíocht shonrach tiomnaithe don bhrú ar chórais cosanta sóisialta a laghdú agus do thionchar sóisialta géarchéimeanna a mhaolú; á áitiú go dtabharfaí tacaíocht chun dálaí maireachtála cuibhiúla a áirithiú do chách, le rochtain ar sheirbhísí bunriachtanacha ardcháilíochta; á iarraidh go ndéanfaí straitéis AE i gcoinne na bochtaineachta, a leagtar amach i dtreoirlínte polaitiúla Uachtarán an Choimisiúin Ursula von der Leyen do théarma 2024-2029, a chur chun feidhme trí CSE+, lena spriocanna ceangailteacha maidir le laghdú na bochtaineachta, innéacsanna pá maireachtála náisiúnta agus buiséid tagartha a úsáidtear mar thagarmharcanna, agus cur chuige ilghnéitheach á chur i bhfeidhm;

14. á chur i bhfáth go bhfuil gá le bearta cuimsitheacha agus comhtháite a chistítear go hiomchuí, mar aon le cur chun feidhme na Ráthaíochta Eorpaí do Leanaí ar an leibhéal náisiúnta, chun aghaidh a thabhairt ar bhochtaineacht leanaí, agus á áitiú gur colún lárnach de Straitéis AE i gcoinne na Bochtaineachta é; ag athdhearbhú na n-éileamh a rinne sí roimhe seo go n-áireofaí buiséad tiomnaithe EUR 20 billiún ar a laghad do CSE+ tar éis 2027 don Ráthaíocht Eorpach do Leanaí; á áitiú gur cheart do na Ballstáit uile 5 % ar a laghad dá n-acmhainní CSE+ a leithdháileadh ar an Ráthaíocht Eorpach do Leanaí agus 10 % ar a laghad a leithdháileadh ar na Ballstáit sin ina bhfuil sciar níos airde de leanaí atá i mbaol bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta;

15. ag tathant ar an gCoimisiún an cur in áirithe don chuimsiú sóisialta a ardú thar an 25 % atá ann faoi láthair agus an cur in áirithe do chúnamh bia agus do chúnamh ábhartha bunúsach do na daoine is díothaí a ardú go 5 %, mar fhreagairt ar chostais mhaireachtála agus bhia atá ag ardú;

16. ag teacht leis an uaillmhian tosaíocht a thabhairt do dhul i ngleic leis na géarchéimeanna tithíochta, agus á áitiú gur cheart do CSE+ tar éis 2027 feabhas a chur ar rochtain thráthúil agus chomhionann ar sheirbhísí inacmhainne, cuibhiúla, inbhuanaithe agus ardcháilíochta lena gcuirtear rochtain ar thithíocht chun cinn; á chreidiúint nach mór do na Ballstáit uile 5 % ar a laghad dá n-acmhainní CSE+ a infheistiú chun dul i ngleic leis an easpa dídine;

17. ag cur béim ar an bhfíoras gur gá maoiniú leordhóthanach CSE+ tar éis 2027 a áirithiú d'oideachas ardcháilíochta agus poiblí do chách, d'fhorbairt scileanna, d'uas-sciliú, d'athsciliú agus d'fhoghlaim ar feadh an tsaoil, agus chun aghaidh a thabhairt ar ghanntanais scileanna, lena n-áiritheofar gur féidir le daoine aonair dul i ngleic go rathúil le haistrithe i margadh an tsaothair;

18. á iarraidh go neartófaí na hiarrachtaí chun tacú le cur chun feidhme na Ráthaíochta don Aos Óg trí níos mó cistí a chur in áirithe do na Ballstáit uile a thiomnaíonn 15 % ar a laghad dá n-acmhainní CSE+; á iarraidh an athuair, sa chomhthéacs sin, ar na Ballstáit tréimhsí oiliúna gan íocaíocht a thoirmeasc;

19. á chur i bhfios go láidir a thábhachtaí atá CSE+ chun díriú ar ghrúpaí éagsúla a bhfuil riachtanais éagsúla acu; á chur i bhfáth, dá bhrí sin, a thábhachtaí atá sé tacaíocht a leithdháileadh ar thionscadail maidir le staid shocheacnamaíoch na n-imirceach, lena n-áirítear imircigh saothair, cuimsiú sóisialta daoine faoi mhíchumas, aosú an daonra sa tsochaí, mná agus leanaí, agus teaghlaigh dar ceann baineann; á áitiú go n-ionchorprófar in CSE+ tar éis 2027 gnéithe eile den chuimsiú sóisialta, amhail tithíocht, sláinte agus imthosca teaghlaigh agus tacaíocht do sheirbhísí pobalbhunaithe;

20. á chur i bhfáth go gcuirtear tacaíocht ar fáil leis an tsraith maidir le Fostaíocht agus Nuálaíocht Shóisialta de CSE+ maidir le staid fhorbhásach oibrithe taistil agus go bhfaigheann sí cistiú le haghaidh comhairleoireacht a bhaineann le ceardchumainn; á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit buanchistiú a áirithiú do sheirbhísí comhairleoireachta ceardchumainn náisiúnta agus trasnáisiúnta d'oibrithe den sórt sin;

21. á iarraidh ar CSE+ borradh a chur faoi chur chun feidhme na straitéise Eorpaí um chúram trí infheistíocht a dhéanamh in oideachas agus cúram luath-óige ar ardchaighdeán trí chórais chúraim phobalbhunaithe, dhuinelárnacha, ardcháilíochta,

inacmhainne agus inrochtana;

22. á chur i bhfáth go bhfuil cur chun feidhme Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta agus na hathchóirithe is gá chun na moltaí tírshonracha sa Seimeastar Eorpach a chomhlíonadh ag brath freisin ar thacaíocht láidir CSE+ do bhearta beartais áirithe, go háirithe na bearta sin a bhaineann le córais leasa shóisialta a neartú, oideachas poiblí cuimsitheach agus ardcháilíochta a áirithiú, bochtaineacht leanaí a laghdú agus deireadh a chur leis an easpa dídine;

23. á iarraidh ar an gCoimisiún acmhainní airgeadais comhsheasmhacha a leithdháileadh ar fhothú acmhainneachta, agus é mar aidhm leis sin comhpháirtithe sóisialta a chumhachtú chun ról ábhartha a bheith acu i réimsí a n-inniúlachta, a n-acmhainneacht chun dul i mbun idirphlé sóisialta ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta araon a neartú agus gníomhaíochtaí na gcomhpháirtithe sóisialta a fheabhsú – agus cúnamh teicniúil a áireamh chun na dtrí chríoch sin – le hoibleagáid infheistíochta íoschéatadáin leormhaith ó na Ballstáit; á áitiú, thairis sin, gur cheart rochtain ar chistiú do chuspóirí beartais shóisialta sna Ballstáit uile a ráthú do chomhpháirtithe sóisialta agus do ESSanna ar bhonn comhionann;

24. á chur i bhfios go láidir go bhfuil sé ríthábhachtach go mbeadh rochtain ag fiontair shóisialta bheaga agus ag ESSanna ar gach gné de CSE+; á iarraidh go méadófaí ráta cómhaoinithe 90 % ar a laghad do bhearta atá dírithe ar na daoine is díothaí arna gcur chun feidhme ag ESSanna, agus 70 % ar a laghad dóibh siúd arna gcur chun feidhme ag fiontair shóisialta;

***Feidhmiú an chiste***

25. á iarraidh ar na Ballstáit a áirithiú go gcloisfear an méid atá le rá ag údaráis agus eagraíochtaí réigiúnacha agus áitiúla maidir le tionscadail a mhaoinítear ó bhuiséid náisiúnta;

26. á áitiú nach mór do na rialacha lena rialaítear úsáid CSE+ comhlíonadh an smachta reachta, *acquis* an Aontais, na caighdeáin shóisialta is airde de chuid AE, cearta sóisialta agus prionsabail dhaonlathacha a áirithiú agus a fheabhsú, agus a bheith ailínithe le Colún Eorpach na gCeart Sóisialta, le spriocanna forbartha inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe agus le cearta bunúsacha an duine agus na n-oibrithe;

27. á iarraidh go mbeadh coinníollachtaí sóisialta láidre agus níos éifeachtaí ann i rialacha maidir le soláthar poiblí agus lamháltais, le smachtbhannaí éifeachtacha; ag spreagadh an Choimisiúin bunachar sonraí cuimsitheach a chruthú, lena bhforlíontar sonraí Eurostat, chun go bhféadfar faireachán tráthúil agus iontaofa a dhéanamh ar fhorbairtí san fhostaíocht, i ndálaí maireachtála agus sa chaidreamh tionsclaíoch;

28. á iarraidh go laghdófaí an t-ualach riaracháin, go háirithe trí shimpliú a dhéanamh ar na próisis iarratais chun rochtain a fháil ar chistí agus ar na nósanna imeachta tuairiscithe d’eagraíochtaí, go háirithe dóibh siúd atá níos lú; ag tabhairt rabhaidh nár cheart don simpliú bunphrionsabail na bainistíochta comhroinnte, na trédhearcachta agus na cuntasachta a chur i mbaol, lena n-áiritheofar riar cuí cistí poiblí;

29. ag tabhairt rabhaidh nach bhfuil gach duine ullamh don digitiú, agus go bhféadfadh

grúpaí áirithe daoine, go háirithe na daoine is leochailí, deiseanna cistiúcháin a chailleadh mar thoradh air sin;

30. á mheas gur gá níos mó oibre a dhéanamh chun go mbeidh eagraíochtaí agus daoine ar an eolas faoi na deiseanna uile is féidir a bheith ag gabháil le CSE+; á áitiú go ndéanfadh an Coimisiún agus na Ballstáit feasacht eagraíochtaí a ardú, iad a chur ar an eolas agus comhairle a chur orthu faoi na deiseanna a chuirtear ar fáil le CSE+;

°

° °

31. á threorú dá hUachtarán an rún seo a chur ar aghaidh chuig an gComhairle agus chuig an gCoimisiún.

# RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN

Tar éis úsáid rathúil Chiste Sóisialta na hEorpa agus leanúint leis ar feadh na mblianta fada, bunaíodh Ciste Sóisialta na hEorpa Plus (CSE+) go deireanach don tréimhse 2021 - 2027. Tá sé d'aidhm ag CSE+ rannchuidiú le clár oibre sóisialta an Aontais Eorpaigh agus is é an phríomhionstraim é chun na prionsabail a leagtar amach i gColún Eorpach na gCeart Sóisialta a bhaint amach trí thacú leis na Ballstáit agus leis na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha infheistíocht a dhéanamh i ndaoine trí bhearta lena dtacaítear le hardleibhéil fostaíochta, le cosaint shóisialta chothrom agus le lucht saothair oilte athléimneach atá réidh don saol oibre amach anseo. Tá sé cruthaithe go bhfuil sé éifeachtach agus bhain na milliúin agus na milliúin daoine tairbhe as féidearthachtaí CSE+. Fuair 6.8 milliún duine post, bhain 14.2 milliún duine tairbhe as cúnamh bia, bhain 10.3 milliún duine cáilíocht amach agus bhí 3 mhilliún rannpháirtí in oideachas nó in oiliúint le ranníocaíochtaí ó chiste CSE+.

Tiocfaidh deireadh leis an gclár reatha in 2027, rud a chiallaíonn go gcaithfimid smaoineamh ar thodhchaí an chiste. Is é is aidhm don tuarascáil seo ón Rapóirtéir teachtaireacht shoiléir láidir a chur chuig an gCoimisiún Eorpach maidir leis an gcaoi ar cheart Ciste Sóisialta na hEorpa + a mhúnlú amach anseo.

Ba léir, go háirithe leis na géarchéimeanna atá ann faoi láthair ar domhan, go mbeidh sé dúshlánach na príomhspriocanna a leagtar amach i gColún Eorpach na gCeart Sóisialta a bhaint amach, ós rud é gur cheart 78 % ar a laghad den daonra idir 20 agus 64 bliana d'aois a bheith fostaithe faoi 2030, ba cheart 60 % ar a laghad de na daoine fásta uile a bheith rannpháirteach in oiliúint gach bliain agus ba cheart go dtiocfadh laghdú 15 mhilliún ar a laghad ar líon na ndaoine atá i mbaol bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta, lena n-áirítear 5 mhilliún leanbh ar a laghad. In 2023, bhí beagnach 100 milliún duine san Aontas i mbaol bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta, arb ionann é agus níos mó ná 20 % de dhaonra an Aontais Eorpaigh. Maidir le leanaí agus daoine a bhfuil leibhéal íseal oideachais acu, is mó fós an seans go mbeidh siad i mbaol bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta. Tá níos mó ná 45% de náisiúnaigh tríú tír atá ina gcónaí san Aontas Eorpach agus 28% de shaoránaigh an Aontais Eorpaigh atá ina gcónaí i dtír eile san Aontas i mbaol bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta agus tá thart ar 10% de na daoine a bhfuil obair acu ag maireachtáil faoi bhochtaineacht. Is ábhar mór imní do shaoránaigh na hEorpa é an t-ardú atá ag teacht ar phraghsanna agus ar an gcostas maireachtála. Ba cheart CSE+ tar éis 2027 a dhearadh agus an staid sin, ar cúis imní í, á cur san áireamh.

Sa chomhthéacs sin, cuirtear i bhfios go láidir sa tuarascáil go bhfuil sé ríthábhachtach go leanfaidh CSE+ de bheith in ann díriú ar na daoine agus ar na grúpaí is mó a bhfuil an ciste de dhíth orthu agus dul i dteagmháil leo, amhail daoine atá ag maireachtáil faoi bhochtaineacht, daoine scothaosta, imircigh, mná, leanaí, daoine faoi mhíchumas, daoine a bhfuil an t-aistriú cóir de dhíth orthu. In éineacht leis na comhpháirtithe sóisialta agus le heagraíochtaí na sochaí sibhialta, ní mór don chiste freastal ar riachtanais na ndaoine sin trí infheistíocht a dhéanamh sa ghné shóisialta den Aontas Eorpach. Ba cheart an ciste a bheith inrochtana, cuimsitheach agus ba cheart cur chuige trasnach a bheith aige. Tá sé tábhachtach CSE+ a bheith ann do gach cineál eagraíochta agus fiontair shóisialta, i ngach Ballstát agus i ngach réigiún. Ba cheart prionsabal na comhpháirtíochta a urramú agus a neartú. Chun an méid sin go léir a bhaint amach, iarrtar sa tuarascáil go ndéanfaí buiséad CSE+ a dhúbailt.

Ina theannta sin, leagtar amach sa tuarascáil príomhchuspóirí, prionsabail, feidhmiú agus dáileadh an chiste, amhail an t-éileamh arís agus arís eile ar bhuiséad tiomnaithe don Ráthaíocht do Leanaí.

Tá CSE+ uathúil i réimse na gcistí Eorpacha, toisc go ndíríonn sé go sonrach ar bheartais agus ar thionscnaimh shóisialta. Dá bhrí sin, iarraimid go práinneach ar an gCoimisiún a áirithiú go leanfaidh CSE+ de bheith ag feidhmiú mar chiste dá chuid féin agus nach ndéanfar é a roinnt ná a chumasc le cistí eile. Dá ndéanfaí cumasc nó deighilt, bheadh sé níos casta tosaíocht a thabhairt d'infheistíocht shóisialta, do thionscadail fostaíochta agus don chuimsiú sóisialta, agus dul chomh fada leis na daoine is mó a bhfuil na rudaí sin de dhíth orthu, agus leis na dúshláin uile atá romhainn níor cheart dúinn ligean dó sin tarlú.

## IARSCRÍBHINN: NA hEINTITIS NÓ NA DAOINE ÓNA bhFUAIR AN RAPÓIRTÉIR IONCHUR

Pursuant to Article 8 of Annex I to the Rules of Procedure, the rapporteur declares that she has received input from the following entities or persons in the preparation of the draft report:

| Entity and/or person |
|---|
| European Trade Union Confederation |
| FNV Nederland |
| Deutscher Gewerkschaftsbund |
| European Disability Forum |
| PICUM |
| Save the Children |
| COFACE Families Europe |
| Red Cross |
| European Anti-Poverty Network |
| Caritas |
| Eurodiaconia |
| European Association for the Education of Adults |

The list above is drawn up under the exclusive responsibility of the rapporteur.

Where natural persons are identified in the list by their name, by their function or by both, the rapporteur declares that she has submitted to the natural persons concerned the European Parliament's Data Protection Notice No 484 (https://www.europarl.europa.eu/data-protect/index.do), which sets out the conditions applicable to the processing of their personal data and the rights linked to that processing.